An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2026

CM 3929/26

ESPACE
PROCED

## TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | space@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 5300 |
| Ábhar: | **AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN agus freagra le tabhairt faoin 7 Meán Fómhair 2026 ar 17.00, am na Bruiséile (CET)** maidir le rún an Choimisiúin Dearbhú a dhéanamh thar ceann an Aontais Eorpaigh maidir le Fís Fhadtéarmach le haghaidh Spásiompar na hEorpa le Ballstáit an Aontais, leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) agus le Ballstáit GSE<br>– An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh<br>– Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a fhormhuiniú |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1), an 4 Meán Fómhair 2026, an nós imeachta i scríbhinn a úsáid[1], iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh an Coimisiún a údarú leis an Dearbhú maidir le Fís Fhadtéarmach le haghaidh Spásiompar na hEorpa, mar a leagtar amach in 12591/26 é, a fhormhuiniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le Ballstáit an Aontais, leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) agus le Ballstáit GES.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, nó NÍ AONTAÍMID a thabhairt mar fhreagra.**

[1] 12520/26.

Is tráth a fhreagraítear an cheist ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh, cé is moite de na ráitis aontaobhacha a rinneadh cheana ag Coreper, d'fhonn ullmhú don nós imeachta i scríbhinn.

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle faoin **Luan, an 7 Meán Fómhair 2026, ar 17.00** (am na Bruiséile) agus ba cheart iad a sheoladh le ríomhphost chuig: **space@consilium.europa.eu**.

**Tugaigí faoi deara, le bhur dtoil, nach féidir clabhsúr a chur ar an nós imeachta i scríbhinn sula mbeidh freagraí faighte ó na Ballstáit uile.**